



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe - Fógra Láithreáin

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)
Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú) - Cuid 8

Leitir Móir, Co. na Gaillimhe

De bhun cheanglais an mhéid thuas, tugtar fógra leis seo go bhfuil sé beartaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe tabhairt faoi fhorbairt ag an láthair thuas (Bailte Fearainn: Leitir Móir) comhdhéanta de shíneadh leis an Reilig atá ann cheana.

Tugadh faoi Scagadh le haghaidh 'Measúnacht Chuí' Chéim 1 i gcomhair na forbartha beartaithe agus baineadh an tátal as sin nach gá 'Measúnacht Chuí' Chéim 2 [Ráiteas Tionchair Natura (RTN)] a dhéanamh.

Beidh pleananna agus mionsonraí na forbartha beartaithe ar fáil lena scrúdú nó lena gceannach ar chostas nach mó ná an costas réasúnta a bhainfeadh le cóip a dhéanamh, le linn gnáthuaireanta oifige (Luan go hAoine, 9.00r.n. – 4.00i.n., gan Laethanta Saoire Bainc agus Laethanta Saoire Poiblí san áireamh) ó **Dé hAoine 11 Deireadh Fómhair 2024 go Dé Luain 11 Samhain 2024**, ag an láthair seo a leanas:

- Comhairle Chontae na Gaillimhe, An Rannóg Pleanála (Cuntar Poiblí), Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX.
- Oifigí Chomhairle Chontae na Gaillimhe, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe, H91 HY76.
- Tairseach Chomhairliúcháin Chomhairle Chontae na Gaillimhe

ag <https://planning.localgov.ie/en/search/application> (tairseach ar líne na GBRA)

Is féidir aighneachtaí nó tuairimí maidir leis an bhforbairt bheartaithe, a bhaineann le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an limistéir ina mbeadh an fhorbairt lonnaithe, a dhéanamh i scríbhinn chuig an Rannóg Pleanála, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX, nó i bhfoirm leictreonach tríd an suíomh gréasáin speisialta ag <http://consult.galway.ie/en> tráth nach déanaí ná **Dé Luain 25 Samhain 2024**.

Síniú:

Dáta:

Jacqueline Carroll

Stiúrthóir Seirbhísí, An Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail,
Lánpháirtíochta agus Timpeallachta